# Achoimre feidhmiúcháin ar Chlár Oibre ÚBE 2023

Cuirtear san áireamh i gClár Oibre ÚBE do 2023 na sainorduithe atá ann cheana agus a bhfuiltear ag súil leo ó na comhreachtóirí mar aon leis na cúraimí a eascraíonn as an rialachán lenar bunaíodh ÚBE, lena n-áirítear a mheasúnú ar staid reatha earnáil baincéireachta na hEorpa.

Sa chomhthéacs sin, sainaithníodh gníomhaíochtaí agus cúraimí sonracha de réir na dtosaíochtaí straitéiseacha ingearacha agus cothrománacha a d'fhormheas Bord Maoirseoirí ÚBE i mí Eanáir 2022 do na blianta 2023 go 2025 i nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair an Údaráis (SPD). Treoróidh na tosaíochtaí sin déine agus eagrú na hoibre is gá chun a sainorduithe agus a cúraimí éagsúla a chur i gcrích. Is féidir iad sin a ghrúpáil ina 19 bpríomhghníomhaíocht, 10 díobh a bhaineann le beartas agus cóineasú, 5 díobh le measúnú riosca agus sonraí, agus 4 díobh le comhordú agus tacaíocht.

Bhain an clár oibre tairbhe as moltaí a fuarthas ó Choiste Comhairleach ÚBE um Chomhréireacht (ACP) i mí Iúil 2022. Tabharfar aghaidh ar an ionchur sin le linn chéim chur i gcrích an chláir oibre agus cuirfear a gcur chun feidhme in iúl i dtuarascáil bhliantúil ÚBE don bhliain 2023.

I gcomparáid le clár oibre 2022, tugadh coigeartuithe isteach chun sainorduithe nua a bhfuiltear ag súil leo in 2023 a léiriú, go háirithe na comhaontuithe polaitiúla ar thángthas orthu maidir le téacsanna DORA agus MiCA, agus, in éagmais acmhainní tiomnaithe dá bhforáiltear chun obair a dhéanamh ar na hullmhúcháin do na reachtaíochtaí nua sin, beartaíodh athbheartuithe tosaíochta i réimsí eile.

Rinneadh iarrachtaí breise freisin chun na gníomhaíochtaí a laghdú agus a chuíchóiriú d'fhonn a shoiléiriú conas a rannchuidíonn siad le tosaíochtaí ÚBE, rud a d'fhágfadh go bhféadfaí sainorduithe ÚBE atá ann cheana agus sainorduithe nua ÚBE a eagrú agus a chomhordú ar bhealach níos fearr, agus ar deireadh na gníomhaíochtaí a thabhairt níos gaire i gcomhréir leis an atheagrú a tugadh isteach in 2022.

Tar éis forbhreathnú a dhéanamh ar na tosaíochtaí ilbhliantúla, dírítear sa chéad chaibidil de chlár oibre 2023 ÚBE ar thosaíochtaí don bhliain. Sa dara caibidil, tugtar mionsonraí maidir leis na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh ÚBE in 2023, agus maidir le gach ceann de na 19 ngníomhaíocht, tugtar tuairisc ghairid ar an obair agus ar na tosaíochtaí a gcuireann siad leo, chomh maith le forléargas ar na príomh-aschuir atá le soláthrófar agus cathain a sholáthrófar iad. Sainaithníodh cúraimí a d'fhéadfadh a bheith athchurtha in ord tosaíochta mar thoradh ar na teorainneacha acmhainní thuasluaite. Is le dhá iarscríbhinn, ceann amháin ina bhfuil cairt eagraíochta, agus an dara ceann ina bhfuil an leithdháileadh acmhainní in aghaidh na gníomhaíochta, a chuirtear clár oibre ÚBE 2023 i gcrích.